



European Securities and
Markets Authority

Treoirlínte i ndáil leis an Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh

**Moill ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh agus idirghníomhaíochtaí
le mairseacht stuamachta**



Clár Ábhar

1	Raon feidhme.....	2
2	Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe	2
3	Cuspóir.....	4
4	Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe	4
4.1	Stádas na dtreoirínite	4
4.2	Ceanglais tuairiscithe	4
5	Treoirínite maidir le leasanna dlisteanacha eisitheoirí chun moill a chur ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh agus cásanna inar dócha go gcuirfí an pobal ar míthreoir de bharr na moille maidir le nochtadh.....	5

1 Raon feidhme

Cé atá i gceist?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le hÚdaráis Inniúla **arna n-ainmniú faoi Airteagal 22 den Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh (MAR)** agus maidir le heisitheoirí.

Céard atá i gceist?

2. Sna treoirlínte seo, soláthraítear liosta táscach nach bhfuil uileghabhálach de leasanna dlísteanacha na n-eisitheoirí ar dócha go ndéanfar dochar dóibh trí nochtadh láithreach faisnéise ón taobh istigh agus cásanna inar dócha go gcuirfí an pobal ar míthreoir de bharr moill maidir le nochtadh, de réir Airteagal 17(11) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 **é Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**. Ina theannta sin, soláthraítear sna treoirlínte seo, de réir Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA, soiléirithe maidir le faisnéis ón taobh istigh a bheith ann i ndáil le Ceanglais Chaipitil agus Treoir Chaipitil Chólún 2.

Cén uair?

3. Beidh feidhm ag na treoirlínte seo **ón 20 Nollaig 2016 13/06/2022**.

2 Tagairtí **reachtacha**, giorrúcháin agus sainmhínithe

Tagairtí reachtacha

CRD An Treoir maidir le Ceanglais Chaipitil – Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE¹

CRR An Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil – Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012²

¹ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

² IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.



MAR Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le drochúsáid mhargaidh (An Rialachán maidir le Drochúsáid Mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún³

Rialachán ESMA Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún⁴

Giorrúcháin

BCE An Banc Ceannais Eorpach

CEMA An Córas Eorpach um Maoirseacht Airgeadais

NCA CRD Údarás Náisiúnta Inniúil mar a shainmhínítear é faoi Airteagal 3(1)(36) de CRD

P2G Treoir Chaipitil Cholún 2

P2R Ceanglais Chaipitil Cholún 2

SREP Próiseas Athbhreithnithe Maoirseachta agus Meastóireachta

Údaráis
Stuamachta
Inniúla NCAanna CRD agus BCE

³ IO L 173, 12.6.2014, lch. 1.

⁴ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84.

Sainmhínte

Eisitheoir	Eintiteas dlíthiúil mar a shainmhínítear é in Airteagal 3(1)(21) de MAR agus atá faoi réir na n-oibleagáidí trédhearcachta faoi Airteagal 17(1) de MAR.
Institiúidí	Institiúidí creidmheasa agus institiúidí mar a shainmhínítear iad faoi Airteagal 4(1) agus (3) de CRR faoi seach, in éineacht le hAirteagal 11(2) de CRR

3 Cuspóir

4. ~~Is é is cuspóir leis na treoirlínte seo~~ Tá na treoirlínte seo ná bunaithe ar Airteagal 17(11) de MAR agus ar Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is é is cuspóir leis na treoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh de CEMA agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach Airteagal 7(1), Airteagal 17(1) agus Airteagal 17(4) de MAR a áirithiú. Go háirithe, sna treoirlínte seo, déantar treoir a sholáthar trí shamplaí a thabhairt d'eisitheoirí chun cúnamh a thabhairt dóibh lena gcinneadh moill a chur ar nochtadh poiblí faisnéise ón taobh istigh faoi Airteagal 17(4) de MAR, trí liosta táscach, nach bhfuil uileghabhálach, de leasanna dlisteanacha na n-eisitheoirí ar dócha go ndéanfar dochar dóibh trí nochtadh láithreach faisnéise ón taobh istigh agus cásanna inar dócha go gcuirfí an pobal ar míthreoir de bharr moill maidir le nochtadh. Ina theannta sin, soláthraítear soiléirithe sna treoirlínte seo maidir le faisnéis ón taobh istigh a bheith ann i ndáil le P2R agus P2G.

4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirlínte

5. ~~Tá treoirlínte sa doiciméad seo arna n-eisiúint faoi Airteagal 17(11) de MAR.~~ I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh treoirlínte agus moltaí a chomhlíonadh.

6. Ba cheart d'údaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlíthiúla agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go gcomhlíonfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais na treoirlínte.

4.2 Ceanglais tuairiscithe

7. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór d'údaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA (chuig [\[MARguidelinesGL3@esma.europa.eu\]](mailto:MARguidelinesGL3@esma.europa.eu)) maidir le cé acu (i)

atá na treoirlínte á gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach ~~nó~~ a bheartaíonn siad iad a chomhlíonadh nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach mbeartaíonn siad iad a chomhlíonadh. ~~laistigh de dhá mhí ón dáta a fhoilseoidh ESMA iad chuig [MARguidelinesGL3@esma.europa.eu]. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta sin, measfar go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach.~~

8. I gcás neamhchomhlíonta, ní mór d'údaráis inniúla freisin fógra a thabhairt do ESMA laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a chomhlíonadh. Tá teimpléad le haghaidh fógraí ar fáil ~~é~~ ar shuíomh gréasáin ESMA. Nuair a bheidh an teimpléad líonta amach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.

9. Ní cheanglaítear ar eisitheoirí a thuairisciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

5 Treoirlínte maidir le leasanna dlisteanacha eisitheoirí chun moill a chur ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh agus cásanna inar dócha go gcuirfí an pobal ar míthreoir de bharr na moille maidir le nochtadh

1. Leasanna dlisteanacha an eisitheora maidir le moill a chur ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh

Treoirlíne 1:

10. Chun críocha phointe (a) d'Airteagal 17(4) de Rialachán MAR, áirítear ar na cásanna inar dócha go ndéanfaidh nochtadh láithreach na faisnéise ón taobh istigh dochar do leasanna dlisteanacha na n-eisitheoirí, ach gan a bheith teoranta do na cásanna sin, na himthosca seo a leanas:

- a. tá an t-eisitheoir i mbun caibidlíochta, i gcás inar dócha go gcuirfí toradh na caibidlíochta sin i mbaol de bharr nochtadh poiblí láithreach. Samplaí féideartha de chaibidlíocht den sórt sin is ea cinn a bhaineann le cumaisc, éadálacha, scoilteanna agus seach-chuideachtaí, ceannacháin nó diúscairtí sócmhainní móra nó brainsí de ghníomhaíocht chorpáraídeach, athstruchtúrú agus atheagrú.
- b. tá inmharthanacht airgeadais an eisitheora i ngarchontúirt mhór, cé nach bhfuil sí laistigh de raon feidhme an dlí dócmhainneachta is infheidhme, agus d'fhágfadh nochtadh poiblí láithreach na faisnéise ón taobh istigh go ndéanfaí dochar tromchúiseach do leasanna scairshealbhóirí atá ann cheana agus scairshealbhóirí ionchasacha trí thabhairt i gcrích na caibidlíochta arna ceapadh chun aisghabháil airgeadais an eisitheora a áirithiú a chur i mbaol;
- c. baineann an fhaisnéis ón taobh istigh le cinntí arna nglacadh nó conarthaí arna ndéanamh ag comhlacht bainistíochta eisitheora a bhfuil gá ina leith, de bhun an dlí náisiúnta nó de bhun dhlíthe an eisitheora, le formheas comhlachta eile de chuid

an eisitheora, seachas comhthionól ginearálta na scairshealbhóirí, chun éifeacht a bheith leo, ar choinníoll:

- i. go bhfágfadh nochtadh poiblí na faisnéise sin sula ndéanfaí cinneadh cinntitheach den sórt sin go gcuirfí i mbaol measúnú ceart an phobail ar an bhfaisnéis; agus
 - ii. gur shocraigh an t-eisitheoir go ndéanfaí an cinneadh cinntitheach a luaithe is féidir.
- d. tá táirge nó aireagán forbartha ag an eisitheoir agus is dócha go gcuirfidh nochtadh poiblí láithreach na faisnéise sin cearta maoine intleachtúla an eisitheora i mbaol;
- e. tá an t-eisitheoir ag beartú mórshealúchas in eintiteas eile a cheannach nó a dhíol agus is dócha go gcuirfeadh nochtadh faisnéise den sórt sin cur chun feidhme an phlean sin i mbaol;
- f. tá idirbheart a fógraíodh roimhe sin faoi réir formheas údaráis phoiblí, agus tá formheas den sórt sin coinníollach ar cheanglais bhreise, i gcás inar dócha go ndéanfaidh nochtadh láithreach na gceanglas sin dífead do chumas an eisitheora iad a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, go bhfágfar nach n-éireoidh sa deireadh leis an socrú nó an idirbheart-;
- g. is institiúid atá faoi réir CRR é an t-eisitheoir agus rinneadh cinneadh ionstraimí cistí dílse a fhuascailt, a laghdú, a athcheannach, a aisíoc nó a ghlaoch, nó na cuntais scairbhisigh a bhaineann le hionstraimí cistí dílse a laghdú, a dháileadh nó a athaicmiú mar mhír eile cistí dílse ach níl an cinneadh sin údaraithe fós ag an údarás inniúil mar a shainmhínítear faoi Airteagal 4(1)(40) de CRR, de bhun Airteagal 77 de CRR;
- h. is institiúid é an t-eisitheoir atá faoi réir maoirseachta stuamachta faoi CRD agus tá dréachtchinneadh SREP nó réamhfaisnéis a bhaineann leis sin faighte aige a bheidh críochnaitheach tráth níos déanaí nuair a thabharfar chun críche próiseas cinnteoireachta an Údaráis Inniúil Stuamachta. I gcás den sórt sin, maidir le fógra roimh am i dtaobh aon fhaisnéis ón taobh istigh arb éard a bheadh inti dréachtchinneadh SREP nó réamhfaisnéis a bhaineann leis, bheadh sé i gcodarsnacht le nós imeachta SREP agus go háirithe le ceart na hinstitiúide éisteacht a fháil, rud a d'fhéadfadh dochar míchuí a dhéanamh do leas na hinstitiúide i ndáil le tuiscint chothrom a bheith ag an margadh ar thionchar na faisnéise sin.

11. Meabhraíonn ESMA gurb amhlaidh, de bhun Airteagal 17(7) de MAR, fiú sna cásanna sin inar dócha go ndéanadh nochtadh láithreach na faisnéise ón taobh istigh dochar do leasanna dlísteanaigh na n-eisitheoirí, pé uair nach n-áiríthítear an rúndacht a thuilleadh go nochtfaidh an t-eisitheoir an fhaisnéis sin ón taobh istigh don phobal a luaithe is féidir.

2. Cásanna inar dócha go gcuirfí an pobal ar míthreoir de bharr moill maidir le nochtadh faisnéise ón taobh istigh

Treoirlíne 2:

12. Chun críocha phointe (b) d'Airteagal 17(4) de MAR, áirítear leis na cásanna inar dócha go gcuirfí an pobal ar míthreoir de bharr moill maidir le nochtadh faisnéise ón taobh istigh na himthosca seo a leanas ar a laghad:

- a. tá difríocht ábhartha idir an fhaisnéis ón taobh istigh a bheartaíonn an t-eisitheoir moill a chur ar a nochtadh agus an fógra poiblí roimhe sin ón eisitheoir maidir leis an ábhar dá dtagraíonn an fhaisnéis ón taobh istigh; nó
- b. an fhaisnéis ón taobh istigh a bheartaíonn an t-eisitheoir moill a chur ar a nochtadh, baineann sí leis an bhfioras nach dócha go gcomhlíonfar cuspóirí airgeadais an eisitheora, i gcás inar fógraíodh na cuspóirí sin go poiblí roimhe sin; nó
- c. an fhaisnéis ón taobh istigh a bheartaíonn an t-eisitheoir moill a chur ar a nochtadh, tá sí i gcodarsnacht le hionchais an mhargaidh, i gcás ina bhfuil na hionchais sin bunaithe ar chomharthaí a sheol an t-eisitheoir chuig an margadh roimhe sin, amhail agallaimh, seónna bóthair nó aon chineál eile cumarsáide arna eagrú ag an eisitheoir nó lena fhorghéas.

3. P2R agus P2G agus faisnéis ón taobh istigh

Treoirlíne 3:

13. Chun críocha an mheasúnaithe i dtaobh na faisnéise ón taobh istigh de réir Airteagal 7(1)(a) de MAR atá i ndréachtleagan nó leagan críochnaitheach de P2R, ba cheart d'eisitheoirí ar institiúidí iad atá faoi réir maoirseacht stuamachta faoi CRD a fhíorú gurb éard atá ina **P2R**:

- a. faisnéis nach bhfuil ar fáil don phobal;
- b. faisnéis a bhaineann go díreach leis an institiúid a fuair í;
- c. faisnéis de chineál beacht.

14. Is rídhócha freisin go mbeidh P2R íogair ó thaobh praghsanna de. Ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar íogaireacht praghsanna P2R agus breithniú á dhéanamh acu ar mhéid na difríochta idir P2R na hinstitiúide agus an leibhéal reatha caipitil. Níor cheart íogaireacht praghsanna a eisiáil fiú i gcás ina bhfuil leibhéal reatha caipitil na hinstitiúide níos airde ná a P2R.

15. Cé is moite de líon an-teoranta cásanna agus mar thoradh ar mheasúnú críochnúil de chuid na hinstitiúide, bítear ag súil go measfar gur faisnéis ón taobh istigh é P2R.

Treoirlíne 4:

16. Chun críocha an mheasúnaithe i dtaobh na faisnéise ón taobh istigh de réir Airteagal 7(1)(a) de MAR atá i ndrúachtleagan nó leagan críochnaitheach de P2G, ba cheart d'eisitheoirí ar institiúidí iad atá faoi réir maoirseacht stuamachta faoi CRD a fhíorú gurb éard atá ina **P2G**:

- a. faisnéis nach bhfuil ar fáil don phobal;
- b. faisnéis a bhaineann go díreach leis an institiúid a fuair í;
- c. faisnéis de chineál beacht.

17. D'fhéadfadh P2G a bheith íogair ó thaobh praghsanna de freisin. Ba cheart d'institiúidí measúnú a dhéanamh ar íogaireacht praghsanna P2G agus breithniú á dhéanamh acu freisin ar mhéid na difríochta idir P2G na hinstitiúide agus an leibhéal caipitil reatha, ar an bhfuiltear ag súil gur gá freagairt chorparáideach chun an P2G a chomhlíonadh agus ar an uainiú ábhartha chun é a sheoladh agus a thabhairt chun críche.

18. Samplaí de chásanna ina mbítear ag súil go mbeidh P2G íogair ó thaobh praghsanna de:

- a. ní difríocht bheag í an difríocht idir an P2G agus leibhéal caipitil na hinstitiúide agus is dócha go mbeidh mórfhreagairt ón institiúid i gceist, amhail méadú caipitil;
- b. níl P2G na hinstitiúide i gcomhréir le hionchais an mhargaidh, mar sin is féidir a bheith ag súil le tionchar ar phraghas.